


**Bainistíocht Sonraí agus
Cásanna (Forbairt Bogearraí)
(TFC - ARDOIFIGEACH
FEIDHMIÚCHÁIN)
Comórtas 2024**

Tá an-áthas orainn ár gComórtas d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC 2024 a sheoladh

 Dáta Deiridh: 27 Márta 2024

 Am Dúnta: 3:30in

Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí

Léigh go cúramach le do thoil

Tá Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí tiomanta do bheartas comhdheiseanna agus spreagann sí iarratais ó iarrthóirí a bhfuil cúlraí agus taithí éagsúil acu. Tá eolas breise ar éagsúlachtaí sonracha sa rannán “Conas Iarratas a Dhéanamh”.

<https://www.dppireland.ie/ga/working-with-us>

Reáchtálfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí an comórtas seo de réir an Chóid Chleachtais um Cheapacháin chun Post sa Státseirbhís agus an tSeirbhís Phoiblí ullmhaithe ag an gCoimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí (CPSA).

Foilsíonn an CPSA cóid chleachtais agus tá siad ar fáil ar www.cpsa.ie

TEAGMHÁIL maidir le gach ábhar a bhaineann leis an bhfeachtas seo:

Recruitment@dppireland.ie

CLÁR ÁBHAIR

CLÁR ÁBHAIR.....	2
AN OIFIG	3
ÁR LUACHANNA	4
AN TAONAD AGUS AN RÓL.....	4
CEANGLAS: SAINEOLAS & INNIÚLACHTAÍ	5
PRÍOMHCHOINNÍOLLACHA SEIRBHÍSE - ARDOIFIGEACH FEIDHMIÚCHÁIN BAINISTÍOCHT SONRAÍ AGUS CÁSANNA (FORBAIRT BOGEARRAÍ) – TFC	7
AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN	12
CEARTA IARRTHÓIRÍ - NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE MAIDIR LEIS AN PHRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN	14
OIBLEAGÁIDÍ NA N-IARRTHÓIRÍ.....	16
NA HACHTANNA UM CHOSAINT SONRAÍ.....	16
AGUISÍN 1: CÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT....	17
AGUISÍN 2: INNIÚLACHTAÍ.....	19
AGUISÍN 3: TEASTAIS TIONSCAIL ÁBHARTHA	21

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Tá *gairmí TFC* ag teastáil ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí le post buan mar Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC sa Rannán Seirbhísí Corparáideacha a líonadh. Is ról spreagúil teicniúil TFC é seo a thiocfaidh chun cinn le himeacht ama agus a thabharfaidh deis don iarrthóir rathúil a bheith páirteach i dtionscadail forbartha bunachar sonraí agus feidhmchlár.

An Oifig

Bunaíodh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí faoin Acht um Ionchúiseamh i gCionta, 1974. Is é ár misean ná Seirbhísí Ionchúisimh a chur ar fáil atá neamhspleách, cóir agus éifeachtach. Tá an Stiúrthóir neamhspleách i gcomhlíonadh a feidhmeanna.

Forfheidhmíonn an Stiúrthóir an dlí coiriúil sna cúirteanna ar son Mhuintir na hÉireann; stiúran agus déanann sí maoirseacht ar ionchúisimh phoiblí ar díotáil sna cúirteanna; agus tugann sí treoir ghinearálta agus comhairle don Gharda Síochána maidir le cásanna achoimre mar aon le treoir shainiúil ina leithéid de chásanna nuair a iarrtar sin.

Tá ceithre rannóga ag Oifig an Stiúrthóra na Ionchúiseamh Poiblí:

1. Tá an **Rannóg Stiúrthafreagrach** as stiúradh foriomlán imeachtaí coiriúla tromchúiseacha..
2. Tá **Rannóg na Seirbhísí Tacaíochta Ionchúisimh** freagrach as tacú leis an obair ionchúisimh choiriúil i réimsí an dlí idirnáisiúnta, idirchaidrimh le híospartaigh agus beartas agus taighde.
3. Tá **Rannóg na nDlíodóirí** freagrach as an tseirbhís dlíodóirí a sholáthar i mBaile Átha Cliath don Stiúrthóir agus maoirseacht a dhéanamh ar seirbhís náisiúnta na hAturnaetha Stáit.
4. Tá **Rannóg na Seirbhísí Corparáideacha** freagrach as cuspóirí foriomlána na hOifige a chumasú agus cur leo trí raon feidhmeanna tacaíochta corparáidí a chur i bhfeidhm.

Chomh maith leis na Rannóga, tá dhá shainseanadóir ann a dhíríonn ar chionta gnéasacha agus ar tromchoireacht agus ar choireacht airgeadais: An tAonad um Chionta Gnéasacha agus an tAonad Speisialta Coireachta Airgeadais.

Déanann ball den Fhoireann Ardbhainistíochta maoirsiú ar gach Rannóg den Oifig. Tá na hAonaid agus na Rannáin i ngach Rannóg á mbainistiú ag comhaltaí den Bhord Bainistíochta agus daoine a bhfuil scileanna agus cúlraí éagsúla acu mar fhoireann. Tá cur síos mionsonraithe ar obair gach ceann de rannóg na hOifige ar fáil ar <https://www.dppireland.ie/about-us/our-organisation>.

Tá fás as cuimse á thabhairt faoi deara ag an Oifig i leibhéal na sonraí agus na castachta a bhíonn i gceist go rialta i raon ionchúiseamh de chineálacha cionta éagsúla chomh maith le gá le digitiú chun seirbhísí don saoránach a fheabhsú. Mar an tSeirbhís Náisiúnta Ionchúisimh, tá gá le córais láidre dhigiteacha agus TFC agus rialachais chun cabhrú le hanailís agus bainistíocht sonraí atá ábhartha do chásanna agus claochlú digiteach freisin chun tacú le comhtháthú chun tacú le seirbhís ceartas coiriúil comhtháite.

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

Is fostóir ionchuimsitheach agus forásach í Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí atá freagrúil do riachtanais agus do roghanna a lucht saothair trína bheartais agus a chleachtais fostaíochta. Mar fhostóir, ba mhaith linn daoine maithe a mhealladh agus a choinneáil. Ciallaíonn sé seo cúram a thabhairt dár bhfostaithe. Níl sa ghairm bheatha thaitneamhach dhúshlánach ach ceann amháin de na buntáistí a bhainfidh tú taitneamh as má théann tú isteach san Oifig. Tá roinnt beartais oibre solúbtha agus atá oiriúnach do theaghlach againn, lena n-áirítear Postroinnt, Bliain Oibre Níos Giorra, Cianobair (oibríonn sé seo ar bhonn ‘cumaisc’), srl.






Is eagraíocht foghlama muid a bhfuil tiomantas láidir againn don Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach. Cuirimid raon deiseanna foghlama agus comhroinnte eolais ar fáil chun é seo a chumasú, lena n-áirítear socrúcháin oibre inmheánach, oideachas tríú leibhéal agus rannpháirtíocht i ngrúpaí oibre tras-rannáin agus seachtracha san Earnáil Ceartais Coiriúil.

Tá Scéim Soghluasteachta againn le cinntiú gur féidir linn ár bhfoireann a fhorbairt tuilleadh agus deiseanna fiúntacha gairme a thabhairt dóibh. Cuireann sé sin deis ar fáil chun obair Trasrannóga agus Trasaonaid a dhéanamh. Bíonn ár ndaoine in ann taithí leathan a fháil agus cothaítear comhoibriú agus coláisteacht dá bharr.

Is féidir tuilleadh sonraí a fháil ag: [Ag Obair Linn](#).

Ár Luachanna

ÁR MISEAN:
Seirbhís ionchúisimh atá cothrom, neamhspleách agus éifeachtach a sholáthar ar son mhuintir uile na hÉireann

 Ionracas <ul style="list-style-type: none">■ Gníomhú go hionraic, go cothrom, go comhsheasmhach agus go hoibiachtúil, de réir an Chóid Eitice■ Cinntí córa cearta a dhéanamh bunaithe ar fhianaise■ Eolas cruinn a chur ar fáil	 Neamhspleáchas <ul style="list-style-type: none">■ Seasamh le neamhspleáchas Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí■ Gníomhú go neamhchlaonta gan eagla, gan fabhar, gan chlaonadh ná dochar, de réir na dTreoirlínte d'ionchúisitheoirí agus an Chóid Eitice■ Fanacht gan tionchar ag leasanna aonair nó rannóige nó brú ón bpobal nó ó na meáin, ag féachaint do leas an phobail amháin	 Dearsnaitheacht <ul style="list-style-type: none">■ Seirbhísí cothroma, neamhspleácha, gairmiúla a sholáthar ag na caighdeáin is airde■ Ár seirbhís a fheabhsú go leanúnach, ag freagairt go réamhghníomhach do riachtanais, dúshlán, deiseanna athraitheacha■ Tionchar a imirt ar fheabhsaithe sa chóras ceartais choiriúil agus iad a mhúnlú	 Meas <ul style="list-style-type: none">■ Caitheamh le gach duine le cothroime, le meas agus le dínit■ Éisteacht le dearcadh na bpáirtithe leasmhara	 Comhgleacaíocht <ul style="list-style-type: none">■ Luach a chur ar ionchuir gach duine i soláthar na seirbhíse ionchúisimh■ Caidrimh láidre a thógáil agus oibriú i gcomhar le páirtithe leasmhara, náisiúnta agus idirnáisiúnta■ Ár n-eolas agus ár saineolas a roinnt le daoine eile
---	---	--	--	---

An tAonad agus an Ról

Is ról nua spreagúil é an Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC laistigh d'Aonad TFC an Rannáin Seirbhísí Corparáideacha. Is cuid riachtanach den Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí é an Rannán. Is é cuspóir foriomlán an Rannáin seirbhísí éifeachtúla agus éifeachtacha

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí

ar ardchaighdeán a chur ar fáil a chuireann ar chumas na hOifige ina hiomláine ár misean a chomhlíonadh chun seirbhís ionchúisimh a sholáthar atá neamhspleách, cothrom agus éifeachtach. Cuidíonn Rannán na Seirbhísí Corparáideacha le straitéis iomlán na hOifige trí raon feidhmeanna gnó lena n-áirítear acmhainní daonna agus forbairt eagraíochtúil, airgeadas, TFC, bainistíocht saoráidí, soláthar, oifig na meán cumarsáide, cumarsáid agus rialachas.

Tá an tAonad TFC laistigh den Rannán seo agus is é a phríomhchuspóir tacú le haistriú leanúnach na hOifige chuig eagraíocht dhigiteach ar dtús chun éifeachtúlacht, nuálaíocht agus comhtháthú a chur chun cinn. Tacú le cuspóirí chun an tseirbhís agus na saoráidí TFC atá ann cheana a chothabháil agus a fheabhsú, glacadh le forbairtí agus dul chun cinn nua sa teicneolaíocht, slándáil agus sláine sonraí a chosaint, leas breise a bhaint as sonraí chun críocha tuairiscithe agus dearbhaithe cáilíochta, comhroinnt sonraí agus malartú leictreonach comhad a leathnú le páirtithe leasmhara agus córais nua oiriúnacha agus tionscnaimh TFC a chur chun feidhme chun freastal ar riachtanais na hOifige agus na foirne atá ag teacht chun cinn, lena n-áirítear na baill foirne sin atá lonnaithe i 30 Oifig Atur nae Stáit faoi láthair.

Cuideoidh an Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC leis na pleananna uailmhianacha seo a sheachadadh. Tiocfaidh forbairt ar an ról seo le himeacht ama de réir mar a athraíonn teicneolaíochtaí agus beidh deis ag an iarrthóir rathúil a bheith páirteach i dtionscadail theicniúla a thabhairt ó cheapadh chomh fada leis an gcríoch. Beidh siad mar chuid den fhoireann a thacaíonn agus a fhorbraíonn na Córais shaincheaptha um Bainistiú Cásanna (CMS) agus an Córas Bainistíochta Doiciméad atá mar bhonn agus mar thaca aige. Áirítear leis sin cothabháil agus forbairt sreafa oibre don CMS agus forbairt tuarascálacha chun críocha oibríochtúla agus staidrimh. Tacaíonn an fhoireann freisin le feidhmchláir eile a úsáidtear laistigh den oifig, lena n-áirítear feidhmchláir éagsúla a forbraíodh ar MS Sharepoint.

Is iad seo a leanas na príomhfhreagrachtaí a bheidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi:

- i)** Fabhtcheartú, tacú agus oiliúint a chur ar fáil do CMS Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí
- ii)** Cabhrú le hanailís, sonrú agus forbairt aon athruithe ar na hiarratais CMS nó MS SharePoint.
- iii)** Script a scríobh i SQL, SharePoint agus iarratais eile le haghaidh cothabhála, chun oibríochtaí agus tuairisciú a éascú
- iv)** Páirt a ghlacadh i dtimthriallta bliantúla eisiúna bogearraí an CMS, lena n-áirítear anailís agus tástáil fhairsing a bhaineann leis an CMS agus a idirghníomhaíocht le córais oibríocháin agus feidhmchláir oifige.
- v)** Logchomhaid a bhaineann leis an CMS, leis an Stóras Sonraí agus leis na freastalaithe MS Sharepoint a sheiceáil chun a chinntiú go n-aithnítear agus go gceartaítear aon fhadhbanna go tapa, go ndéantar saincheisteanna cáilíochta sonraí a fholmhú roimh ré agus a réiteach, agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i rith an lae freisin
- vi)** Cuntais úsáideora ar an CMS a chruthú, a leasú agus a bhaint de réir mar is gá agus béim ar leith á leagan ar na pribhléidí slándála a bhaineann leis na cuntais sin.
- vii)** Doiciméadacht theicniúil chuimsitheach a chruthú agus a chothabháil.
- viii)** Eolas leathan ar réitigh teicneolaíochta, ar threochtaí agus ar theicnící reatha a léiriú agus a chothabháil.

Ceanglas: Saineolas & Inniúlachtaí

Riachtanach

Le bheith incháilithe le bheith san áireamh le haghaidh ceapacháin don ról seo **ní** mór go mbeadh na nithe seo a leanas ag iarrthóir:

A) Cáilíocht ag Leibhéal 7 ar mhórdhámhachtain an Chreata Náisiúnta Cáilíochta (NFQ), nó níos airde, i ndisciplín ríomhaireachta nó ríomhaireachtúla ábhartha in éineacht le 3 bliana taithí phraiticiúil ar a laghad de bhonneagar TFC atá ábhartha go díreach, oibríochtaí TFC, riarachán bunachar sonraí nó taithí forbartha bogearraí ó d'fhostaíocht go dtí seo.

NÓ

B) Cáilíocht chéime a bheith agat ag Leibhéal 8 ar an mórdhámhachtain NFQ (i.e. céim leibhéal onóracha), nó níos airde, le modúil ríomhaireachta nó ríomhaireachtúla a rinneadh sa bhliain deiridh agus 3 bliana taithí phraiticiúil ar a laghad a bheith agat de bhonneagar TFC atá ábhartha go díreach, oibríochtaí TFC, riarachán bunachar sonraí nó taithí forbartha bogearraí ó d'fhostaíocht go dtí seo.

NÓ

C) Cáilíocht mhórdhámhachtana de Leibhéal 6 ar a laghad a bheith agat, nó níos airde ar an NFQ i ndisciplín ríomhaireachta nó ríomhaireachtúla ábhartha, mar shampla: tá Printíseacht TFC na Státseirbhíse/clár Printíseachta Teicneolaíochta FIT curtha i gcrích go rathúil agat nó tá cáilíocht NFQ Leibhéal 6 agat ó Chúrsa Iar-Ardteistiméireachta ag BOO, agus tá 5 bliana ar a laghad agat a bhaineann go díreach le bonneagar TFC, oibríochtaí TFC, riarachán bunachar sonraí nó forbairt bogearraí ó d'fhostaíocht go dtí seo.

NÓ

D) 2 dheimhniú ábhartha atá aitheanta ag an earnáil a bheith bainte amach acu ar a laghad, agus ní mór ceann amháin díobh a bheith i réimse atá ábhartha do TFC, do dhearadh ailtireachta bunachar sonraí, do riarachán bunachar sonraí nó d'fhorbairt bogearraí (féach Aguisín 3 le haghaidh liosta na ndeimhnithe aitheanta) agus 5 bliana ar a laghad a bheith acu a bhaineann go díreach le bonneagar TFC, le hoibríochtaí TFC, le riarachán bunachar sonraí nó le taithí forbartha bogearraí ó d'fhostaíocht go dtí seo.

Anuas ar na rudaí thuasluaite, léireoidh an t-iarrthóir idéalach go soiléir:

- i) Scileanna láidre i mbainistíocht agus cothabháil bunachar sonraí, lena n-áirítear script a scríobh agus / nó tuairisciú, go sonrach ar bhunachar sonraí coibhneasta, agus MS SQL is fearr.
- ii) Cumas cur amach agus saineolas a neartú go tapa ar CMS saincheaptha Oifig an Stiúrthóra na Ionchúiseamh Poiblí agus ar na próisis dhlíthiúla atá mar bhonn agus taca leis, coinneáil cothrom le dáta le dúshláin TFC agus le cuspóirí straitéiseacha Oifig an Stiúrthóra na Ionchúiseamh Poiblí, agus leanúint lena saineolas a fhorbairt trí thaighde pearsanta, oiliúint fhoirmiúil, agus taithí ar an láthair oibre.

Ní mór d'iarrthóirí freisin na príomhinniúlachtaí le haghaidh feidhmíochta éifeachtach ag an leibhéal seo a bhfuil mionsonraí orthu in [Aguisín 2](#) a léiriú.

Inmhianaithe

- i) Taithí ar theangacha/ uirlisí scriptithe eile lena n-áirítear JavaScript agus PowerShell;
- ii) Taithí ar fheidhmchláir a fhorbairt i SharePoint nó a leithéid;

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach dtugann iontráil sa chomórtas le tuiscint go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta. Ba cheart d'iarrthóirí a bheith sásta iad féin go gcomhlíonann siad na critéir incháilitheachta don chomórtas seo.

Príomhchoinníollacha Seirbhíse - Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC

Ginearálta

Tá an ceapachán faoi réir Achtanna Rialacháin na Státseirbhíse 1956 go 2005, an tAcht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Earcaíocht agus Ceapacháin) 2004 agus aon Acht eile a bheidh i bhfeidhm de chumhacht na huaire maidir leis an Státseirbhís.

Pá

Seo a leanas tuarastal an phoist:

Scála Pá RPP (Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta)¹ le héifeacht ón 1 Deireadh Fómhair 2023:

€54,764	€56,365	€57,963	€59,560	€61,163	€62,758	€64,358	€66,667 ¹	€68,970 ²
---------	---------	---------	---------	---------	---------	---------	----------------------	----------------------

D'fhéadfadh incrimintí fadseirbhíse a bheith iníoctha tar éis 3 bliana (LSI1) agus 6 bliana (LSI2) de sheirbhís shásúil ar ghrád uasta an scála.

Ba chóir d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara go bhféadfadh téarmaí agus coinníollacha éagsúla a bheith i gceist, más státseirbhíseach nó státseirbhíseach ar seirbhís é an ceapaí, díreach roimh an gceapachán.

Faoi réir feidhmíocht shásúil d'fhéadfadh go mbeadh incrimintí iníoctha de réir Bheartas reatha an Rialtais.

Aontóidh tú go n-aisíocfaidh tú aon ró-íocaíocht tuarastail, liúntais nó speansais de réir Imlitir 07/2018: Aisghabháil Ró-íocaíochtaí Tuarastail, Liúntas, agus Caiteachais a dhéantar do Bhaill Foirne/Iarbhaill Foirne/Pinsinéirí.

Tionacht agus Promhadh

Is é an ceapachán ón gcomórtas seo post buan ar chonradh promhaidh sa Státseirbhís. Mairfidh an conradh promhaidh don phost buan seo ar feadh tréimhse bliana ón dáta a shonraítear sa chonradh.

Le linn thréimhse do chonartha promhaidh, beidh do fheidhmíocht faoi réir athbhreithniú ag do stiúrthóir(í) chun a chinntiú an bhfuil:

- i) Tú feidhmithe ar bhealach sásúil;
- ii) Tú sásúil san iompar ginearálta; agus
- iii) Tú oiriúnach ó thaobh na sláinte de agus aird ar leith ar shaoire bhreiteachta.

Sula gcríochnófar an conradh promhaidh déanfar cinneadh an gcoimeádfar nó nach gcoinneofar thú de bhun Alt 5A (2) d'Achtanna Rialaithe na Státseirbhíse 1956 – 2005. Beidh an cinneadh seo bunaithe ar

¹ Tá feidhm ag an ráta RPP nuair a cheanglaítear ar an duine Ranníocaíocht Phinsin Phearsanta a íoc (ar a dtugtar ranníocaíocht príomhscéim ar shlí eile) de réir rialacha a bpríomhscéim/scéim aoisliúntais phearsanta. Ní hionann é seo agus ranníocaíocht maidir le ballraíocht i scéim Céilí agus Leanai nó Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Breise (ASC). Beidh ráta difriúil i bhfeidhm nuair is státseirbhíseach nó seirbhíseach poiblí an ceapaí a earcaíodh roimh 6 Aibreán 1995 agus nach gceanglaítear air/uirthi Ranníocaíocht Phearsanta Pinsin a dhéanamh.

d'fheidhmíocht arna measúnú i gcoinne na gcritéar atá leagtha amach in (i) go (iii) thuas. Míneoidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí mionsonraí an phróisis phromhaidh duit agus tabharfar cóip duit de Threoirlínte na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar Phromhadh.

D'ainneoin na míreanna roimhe seo san alt seo, féadfar an conradh promhaidh a fhoirceannadh tráth ar bith roimh dhul in éag do théarma an chonartha ag ceachtar taobh de réir na nAchtanna um Fhógra Íosta agus Téarmaí Fostaíochta, 1973 go 2005.

Sna cúinsí seo a leanas féadfar do chonradh a fhadú agus do thréimhse phromhaidh a chur ar fionraí.

- Tá an tréimhse phromhaidh ar fionraí nuair a bhíonn fostaí as láthair mar gheall ar Shaoire Mháithreachais nó Uchtála.
- Maidir le fostaí as láthair ar Shaoire Thuismitheoirí nó ar Shaoire Cúramóra, féadfaidh an fostaí a éileamh go gcuirfí promhadh ar fionraí mura meastar an neamhláithreacht a bheith comhsheasmhach le leanúint den phromhadh.
- Féadfar promhadh a chur ar fionraí i gcásanna amhail asláithreacht de bharr breoiteachta neamh-athfillteach, agus
- Aon fhoráil reachtúil eile a fhorálann go ndéanfaidh promhadh -
 - (i) seasamh ar fionraí le linn d'fhostaí a bheith as láthair ón obair, agus
 - (ii) le comhlánú ag an bhfostaí ar fhilleadh na bhfostaithe ón obair tar éis na hasláithreachta sin.

Sa chás go gcuirtear promhadh ar fionraí ba chóir don fhostóir na cúinsí a bhaineann leis an bhfionraí a chur in iúl don fhostaí.

Má theipeann ar cheapaí, a bhí ina státseirbhíseach ag fónamh díreach sular ceapadh ón gcomórtas seo é, na coinníollacha promhaidh a chomhlíonadh, is iondúil go n-eascróidh ceist na frithdhílse. I gcás frithdhílse, fillfidh oifigeach ar fholúntas ina ghrád roimhe sin ina Roinn roimhe seo.

Na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015

Ní bheidh feidhm ag na hAchtanna um Dhífhostú Éagórach 1977-2015 maidir le foirceannadh na fostaíochta mar gheall ar dhul in éag an chonartha téarma shocraithe amháin gan é a athnuachan.

Dualgais

Ceanglófar ar an oifigeach aon dualgais a oireann don phost a d'fhéadfaí a shannadh ó am go ham a chomhlíonadh. Ní fhéadfaidh an t-oifigeach gabháil do chleachtadh príobháideach ná baint a bheith aige/aici le haon ghnó seachtrach a chuirfeadh isteach ar chomhlíonadh dualgas oifigiúil nó a bheadh contrártha ar bhealach ar bith leis an bpost ina bhfuil an t-iarrthóir ceaptha.

Láthair

Tá an Oifig lonnaithe i mBaile Átha Cliath. Mar gheall ar nádúr na hoibre a dhéanann fostaithe an ODPP, d'fhéadfaidh go n-éileofaí orthu ó am go chéile freastal ar ghnó oifigiúil in áiteanna lasmuigh de Bhaile Átha Cliath. Nuair a bheidh tú as láthair ón mbaile agus ón gceanncheathrú ar dhualgas oifigiúil, íocfar costais taistil chuí agus liúntais chothaithe de réir Rialacháin na Státseirbhíse.

Uaireanta Freastail

Socrófar uaireanta freastail ó am go chéile ach ní bheidh siad níos lú ná 41 uair an chloig agus 15 nóiméad comhlán in aghaidh na seachtaine nó 35 uair glan in aghaidh na seachtaine. Beidh ar an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi cibé uaireanta breise a oibriú ó am go ham a bheidh réasúnach agus riachtanach chun a c(h)uid dualgas a chomhlíonadh i gceart faoi réir na dteorainneacha atá leagtha síos sna rialacháin um am oibre. Leis an ráta luacha saothair atá iníoctha clúdaítear aon dliteanas um fhreastal breise a d'fhéadfadh teacht chun cinn ó am go ham.

Saoire Bhliantúil

29 lá oibre a bheidh sa liúntas saoire bliantúla, ag ardú go 30 lá tar éis 5 bliana seirbhíse. Tá an lamháltas sin, atá faoi réir ag na coinníollacha gnáthúla maidir le saoire bhliantúil a dheonú, bunaithe ar sheachtain chúig lá agus níl na gnáthlaethanta saoire poiblí san áireamh leis.

Saoire Bhreiteachta

Beidh pá le linn asláithreachta bhreiteachta deimhnithe i gceart, ar choinníoll nach bhfuil aon fhianaise ar mhíchumas buan le haghaidh seirbhíse, i bhfeidhm ar bhonn pro rata, de réir na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (IR 124 de 2014), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Breiteachta) (Leasú) 2015 (IR 384 de 2015), na Rialachán um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí (Saoire Bhreiteachta) (Leasú) 2023 (IR 407 de 2023), agus aon ciorclán ábhartha.

Beidh ar oifigigh a bheidh ag íoc ráta ÁSPC Aicme A sainordú a shíniú ag údarú don Roinn Coimirce Sóisialaí aon sochair atá dlite faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh a íoc go díreach chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh íocaíocht le linn breiteachta faoi réir ag an oifigeach ag déanamh na n-éileamh riachtanach ar shochar árachais shóisialta chuig an Roinn Coimirce Sóisialaí laistigh de na teorainneacha ama riachtanacha.

Aoisliúntas agus Dul ar Scor

Déanfar na téarmaí agus coinníollacha aoisliúntais cuí mar atá sa Státseirbhís a thairiscint don iarrthóir rathúil nuair a thairgfear ceapachán dó/di. Go hiondúil, déanfar ceapachán a thairiscint do cheapaí nár oibrigh riamh sa tSeirbhís Phoiblí bunaithe ar bhallaíocht de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (“Scéim Aonair”). Tá sonraí iomlána na Scéime ar fáil ag <https://singlepensionscheme.gov.ie/ga/>

Sa chás gur oibrigh an ceapaí i bpost inphinsin (neamh-Scéim Aonair) sa tseirbhís phoiblí sna 26 seachtainí roimh an gceapachán nó atá ar shos gairme nó ar shaoire speisialta faoi láthair le/gan phá d'fhéadfadh téarmaí éagsúla a bheith i gceist. Bunófar teidlíocht pinsin na ndaoine a cheapfar i gcomhthéacs a staire fostaíochta sa tseirbhís phoiblí.

Is iad seo a leanas na príomhfhorálacha a bhaineann le ballraíocht na Scéime Aonair:

- i) Aois Inphinsin: Is ionann an aois íosta ag a bhfuil pinsean iníoctha agus an aois incháilitheachta don Pinsean Stáit, 66 bliain d’aois faoi láthair.
- ii) Aois Scoir: Ní mór do chomhaltaí scéime éirí as nuair a shroicheann siad 70 bliain d’aois.
- iii) Úsáidtear meántuilleamh gairme chun sochair a ríomh (fabhraíonn méid pinsin agus cnapshuime gach bliain agus déantar iad a uasghrádú gach bliain faoi threoir CPI).
- iv) Tá méaduithe pinsin iar-scoir nasctha le CPI

Laghdú Pinsin

Má bhí an ceapaí fostaithe cheana sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus go bhfuil pinsean á fháil aige nó aici ón Státseirbhís nó ón tSeirbhís Phoiblí nó sa chás go bhfuil pinsean de chuid na Státseirbhíse/na Seirbhíse Poiblí á íoc beidh an pinsean sin **faoi réir lacáiste** de réir Alt 52 den Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. **Tabhair faoi deara: Agus tú ag cur isteach ar an bpost seo tá tú ag admháil go dtuigeann tú go mbeidh feidhm ag na forálacha lacáiste, nuair is cuí. Ní shamhlaítear go dtacóidh an Roinn/Oifig fostaitheach le hiarratas ar tharscaoileadh laghdaithe i leith ceapacháin chuig an bpost seo.**

- Mar sin féin, má bhí an ceapaí fostaithe roimhe seo sa Státseirbhís nó sa tSeirbhís Phoiblí agus dá mbronnadh pinsean air faoi shocruithe luathscoir deonacha (seachas an Scéim Dreasachta Luathscoir (ISER), Ciorclán na Roinne Sláinte 7/2010 VER/VRS nó Ciorclán na Roinne Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil LG(P) 06/2013, a fhágann go bhfuil duine neamh-incháilithe don chomórtas) scoirfidh an teidlíocht chun an phinsin sin le héifeacht ó dháta an athcheaptha. Féadfar, áfach, socruithe speisialta a dhéanamh chun seirbhís roimhe sin a thug an ceapaí a ríomh chun críche aon dámhachtana aoisliúntais amach anseo a bhféadfadh an ceapaí a bheith incháilithe ina leith.
- **Ciorclán 102/2007 de chuid na Roinne Oideachais agus Scileanna faoin Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí**
Thug an Roinn Oideachais agus Scileanna isteach Scéim Luathscoir do Mhúinteoirí. Is coinníoll den Scéim Luathscoir é, seachas na cásanna atá leagtha amach i míreanna 10.2 agus 10.3 den doiciméadú ciorclach ábhartha, agus leis na heisceachtaí sin amháin, má ghlacann múinteoir le luathscor faoi Shnáitheanna 1, 2 nó 3 den scéim seo agus go bhfuil sé/sí fostaithe ina dhiaidh sin in aon cháil in aon limistéar den earnáil phoiblí, scoirfidh láithreach d'íocaíocht pinsin leis an duine sin faoin scéim. Déanfar íocaíochtaí pinsin a atosú, áfach, ar scor den fhostaíocht sin nó ar 60ú breithlá an duine, cibé acu is déanaí, ach ar atosú, beidh an pinsean bunaithe ar sheirbhís ináirithe iarbhir an duine mar mhúinteoir (s.é. ní chuirfear na blianta breise a deonaíodh roimhe sin san áireamh agus íocaíocht an phinsin á ríomh).
- **Scor Drochshláinte**
Tabhair faoi deara, le do thoil, go gceanglaítear ar aon duine a chuaigh ar scor roimhe seo ar fhorais easláinte faoi théarmaí scéime aoisliúntais a dhearbhu, ag an gcéim iarratais tosaigh, go bhfuil siad ag fáil pinsean den sórt sin don eagraíocht a riarann an comórtas earcaíochta.

Beidh ar iarratasóirí freastal ar oifig an CEM chun a gcumas seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar a mheas agus an riocht ina bhfuil siad cáilithe le haghaidh IHR á gcur san áireamh.

Ceapachán tar éis scor de bharr drochshláinte ón Státseirbhís

Má éiríonn lena n-iarratas tríd an gcomórtas, ba chóir go mbeadh an t-iarratasóir ar an eolas faoi na nithe seo a leanas:

- i) Má mheastar a bheith oiriúnach chun seirbhís rialta agus éifeachtach a sholáthar agus go sanntar iad do phost, scoirfidh a bpinsean drochshláinte státseirbhíse.

- ii) Má theipeann ar an iarratasóir ina dhiaidh sin promhadh a chríochnú nó má chinneann sé/sí a phost sannta a fhágáil, ní féidir aisiompú ar stádas IHR na státseirbhíse, ná pinsean IHR na státseirbhíse a athchur, a bhí ann roimh an iarratas agus níl teidlíocht ann dó.
- iii) Tiocfaidh an t-iarratasóir chun bheith ina bhall de Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair (SPSPS) nuair a cheapfar é má bhí sos sa tseirbhís phoiblí/shibhialta inphinsin de níos mó ná 26 seachtaine aige.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil faisnéis níos mionsonraithe maidir le himpleachtaí pinsin dóibh siúd atá ag fáil pinsean drochshláinte státseirbhíse nó seirbhíse poiblí ar fáil [tríd an nasc seo](#) nó ar iarratas chuig Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Fabhrú Pinsin

Teorainn 40 bliain ar an tseirbhís iomlán is féidir a áireamh i dtreo an phinsin i gcás ina raibh duine ina bhall de níos mó ná scéim pinsin seirbhíse poiblí amháin a bhí ann cheana (s.é. neamh-Scéim Aonair) de réir Acht 2012. Déantar foráil don teorainn 40 bliain seo san Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. D'fhéadfadh impleachtaí a bheith aige seo d'aon cheapaí a fuair cearta pinsin i bhfostaíocht seirbhíse poiblí roimhe seo.

Ranníocaíochtaí Aoisliúntais Bhreise

Tá an ceapachán seo faoi réir na Ranníocaíochta Aoisliúntais Breise (ASC) de réir an Achta um Pá agus Pinsin na Seirbhíse Poiblí 2017. **Nóta;** Tá asbhaintí ASC sa bhreis ar aon ranníocaíochtaí pinsin (príomhscéim agus ranníocaíochtaí céilí agus leanaí) a theastaíonn faoi rialacha do scéime pinsin.

Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair féach le do thoil ar an suíomh gréasáin seo a leanas: www.singlepensionscheme.gov.ie

Rúndacht, Discreíd agus Caighdeán Iompraíochta: Rúndacht agus Macántacht Oifigiúil:

Beidh oifigeach faoi réir Fhorálacha an [Achta um Rúin Oifigiúla, 1963](#), arna leasú leis na [hAchtanna um Shaoráil Faisnéise 2014](#). Comhaontóidh an t-oifigeach gan aon fhaisnéis rúnda a nochtadh do thríú páirtithe neamhúdairithe le linn na tréimhse fostaíochta nó ina dhiaidh sin.

Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse

Beidh an ceapaí faoi réir ag [Cód Caighdeán agus Iompraíochta na Státseirbhíse](#).

Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí:

Beidh feidhm ag na [hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí](#), nuair is iomchuí, maidir leis an gceapachán seo.

Faomhadh roimh ré maidir le foilseacháin:

Comhaontóidh duine ceaptha gan ábhar a bhaineann lena dhualgais oifigiúla / lena dualgais oifigiúla a fhoilsiú gan cead a fháil roimh ré ón Stiúrthóir nó ó chomhalta údairithe cú eile den fhoireann bhainistíochta shinsearach.

Gníomhaíocht Pholaitiúil:

Le linn théarma na fostaíochta, beidh an t-oifigeach faoi réir ag na rialacha lena rialaítear seirbhísigh phoiblí agus an pholaitíocht.

Léiríonn an méid thuas na príomhchoinníollacha seirbhíse agus níl sé beartaithe gurb é an liosta cuimsitheach de gach téarma agus coinníoll fostaíochta a leagfar amach sa chonradh promhaidh a bheidh le bheith aontaithe leis an iarrthóir rathúil.

AN PRÓISEAS IARRATAIS AGUS ROGHNÚCHÁIN

Conas iarratas a Dhéanamh

Cuir isteach d'iarratas ar ríomhphost le do thoil chuig Recruitment@dppireland.ie leis an méid seo a leanas:

1. CV cuimsitheach (gan dul thar 3 leathanach – le Sonraí Oideachais agus Stair Oibre in ord croineolaíoch san áireamh)
2. Foirm iarratais Inniúlachta- ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais dá gcuirtear ar fáil san fhógra comórtais seo a úsáid, ní ghlacfar le hiarratais a fhaightear in aon fhormáid eile agus beidh siad ar neamhní. Ní mór gach cuid den fhoirm a chomhlánú go hiomlán.

Tabhair faoi deara le do thoil go bhfágfaidh easnamh aon cheann nó cuid den dá dhoiciméad iarrtha, atá leagtha amach thuas, an t-iarratas neamhiomlán. Ní bhreithneofar iarratais neamhiomlána don chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin. Ní ghlacfar le hiarratais tar éis ama an dáta deiridh.

Dáta Deiridh

Ní mór do CV agus foirm iarratais a chur isteach le ríomhphost tráth nach déanaí ná **3:30i.n., Dé Céadaoin, an 27 Márta 2024**. Mura bhfaigheann tú admháil go bhfuarthas d'iarratas laistigh de 2 lá oibre ón iarratas a dhéanamh, déan teagmháil le do thoil le: Shane Breen (01-8588446) Traci Peake (01-8588446) nó Recruitment@dppireland.ie

Tá sé de dhualgas ar gach iarratasóir a chinntiú go bhfuil sé/sí ag fáil gach cumarsáid ó Oifig an Stiúrtóra Ionchúiseamh Poiblí. Ní ghlacann an Oifig aon fhreagracht as cumarsáid nach ndéanann iarratasóir rochtain air/uirthi nó nach bhfaigheann sé/sí. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir a chinntiú go bhfuil na sonraí teagmhála a shonraítear ar an CV agus ar an bhfoirm iarratais cruinn. Tá sé de fhreagracht ar an iarrthóir freisin a chinntiú go ndéantar gach fillteán ábhartha a sheiceáil le haghaidh ríomhphoist a d'fhéadfadh a bheith gafa le seiceálacha turscair/ slándála.

An Próiseas Roghnúcháin

D'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith san áireamh sa phróiseas roghnúcháin:

- i) CV agus foirm iarratais a chur isteach
- ii) Gearrliostú iarrthóirí bunaithe ar an eolas atá ina n-iarratas
- iii) Agallamh tosaigh/réamhagallamh
- iv) Cur i láthair nó cleachtaí eile
- v) Agallamh iomaíoch deiridh
- vi) Aon tástálacha nó cleachtaí eile a mheastar a bheith iomchuí

Féadfaidh ballraíocht na mbord roghnúcháin a bheith difriúil ag céimeanna éagsúla an Phróisis Roghnúcháin.

Ba cheart d'iarratasóirí machnamh go cúramach ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí seo a bhaineann leis an ról. Is chun leasa gach iarratasóra é a chinntiú go dtugann a CV agus a bhfoirm iarratais cuntas mionsonraithe cruinn ar thaithí, inniúlachtaí, éachtaí agus cáilíochtaí.

Breithneofar an fhaisnéis a sholáthraítear sa CV agus san fhoirm iarratais seo le linn na gcéimeanna éagsúla den phróiseas roghnúcháin mar seo a leanas:

Incháilitheacht a Chinneadh

Seiceálfar iarratais chun a fháil amach ar chomhlíonadh na ceanglais incháilitheachta atá leagtha amach sa Leabhrán Faisnéise d'Iarrthóirí.

Gearrliostú

Déanfar CV agus foirm iarratais na n-iarrthóirí a mheasúnú i gcoinne na gceanglas/ na gcritéar agus na n-inniúlachtaí atá leagtha amach sa leabhrán seo. Ní féidir i gcónaí gach iarrthóir incháilithe a chur ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh mar gheall ar líon ard iarratas. Cuirfidh an Bord Gearrliostaithe líon cuí iarrthóirí ar an ngearrliosta le haghaidh agallaimh. Roghnóidh na Boird Ghearrliostaithe na hiarrthóirí is fearr, dar leo, a léirigh na riachtanais/ critéir agus Inniúlachtaí Riachtanacha agus Inmhianaithe don ról atá leagtha amach sa Leabhrán seo. Ní thugtar le fios leis sin gur gá go bhfuil iarrthóirí mí-oiriúnach nó neamhchumasach an post a ghlacadh orthu féin, ach go bhfuil roinnt iarrthóirí ann a bhfuil an chuma orthu go bhfuil cáilíochtaí níos fearr acu agus/nó go bhfuil taithí níos ábhartha acu, bunaithe ar a n-iarratas. Dá bhrí sin is chun do leasa féin é chun cuntas beacht, mionsonraithe, cruinn a sholáthar ar do cháilíochtaí/taithí i d'iarratas.

Agallamh

Beidh Bord Agallaimh comhdhéanta de chomhaltaí ó Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí agus comhalta seachtrach(a). Féadfaidh an Bord Agallaimh iarrthóirí a cheistiú faoina gcuid eolais agus taithí a bhaineann le haon cheann de na hinniúlachtaí nó na riachtanais riachtanacha nó inmhianaithe agus faoi aon fhaisnéis a chuirtear ar fáil ina n-iarratas.

Déanfar agallaimh don chomórtas seo go pearsanta a mhairfidh thart ar 40 nóiméad. Ba cheart d'iarrthóirí iad féin a chur ar fáil ar an dáta(i) atá sonraithe ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Déanfar socruithe réasúnta ag gach céim den phróiseas roghnúcháin do dhaoine faoi mhíchumas. Seol ríomhphost chuig ár bhfoireann earcaíochta trí Recruitment@dppireland.ie agus beidh ball den fhoireann sásta cabhrú leat.

Rúndacht

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise, 1997 agus 2003 déileálfar le hiarratais faoi rún daingean.

Imréiteach Slándála

Má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin, beidh ort foirm ríomh-ghrinnfhiosrúcháin an Gharda Síochána a chomhlánú agus a sheoladh ar ais. Cuirfear an fhoirm seo ar aghaidh chuig an nGarda Síochána le haghaidh seiceálacha slándála ar gach seoladh in Éirinn agus i dTuaisceart Éireann ina raibh cónaí ort. Tabhair faoi deara le do thoil go bhféadfadh imréiteach slándála suas le 8 seachtaine a ghlacadh agus i gcásanna áirithe go bhféadfadh sé go dtógfadh sé níos faide. Sa chás nach n-éiríonn le d'iarratas ar an gcomórtas, scriosfar an fhoirm seo agus ní choinneoidh an Oifig aon taifead.

Má tá cónaí ort i dtíortha lasmuigh de Phoblacht na hÉireann ar feadh tréimhse 6 mhí nó níos mó, tá sé éigeantach duit Deimhniú Imréitigh Póilíní a sholáthar ó na tíortha sin ag rá nach bhfuil aon chiontuith eithe taifeadta i do choinne agus tú i do chónaí ann. Teastaíonn Deimhniú Imréitigh Póilíní ar leith do gach tír ina bhfuil cónaí ort. Ní mór an t-imréiteach a bheith dátaithe tar éis an dáta a d'fhág tú an tír. Is ortsa atá an fhreagracht imréiteach slándála ar bith a lorg do dhlísiní eile (má bhaineann) go tráthúil mar go dtógfaidh sé roinnt ama. Ní féidir thú a cheapadh gan an fhaisnéis seo a bheith curtha ar fáil agus a bheith in ord.

Ba chóir go mbeadh a fhios ag iarrthóirí gur féidir aon fhaisnéis a fhaightear sa phróiseas Imréitigh Slándála a chur ar fáil don údarás fostaíochta.

Teistiméireachtaí agus Cáilíochtaí

Bheadh sé úsáideach dá dtosófá ag smaoineamh ar ainmneacha daoine a bheadh ina réiteoirí oiriúnacha, lena n-áirítear d'fhostóir reatha agus go bhféadfaimis dul i gcomhairle (2 ainm agus sonraí teagmhála). Ba chóir go mbeadh na moltóirí in ann faisnéis réasúnta le déanaí a sholáthar ar do fheidhmíocht agus ar d'iompraíocht i gcomhthéacs oibre. B'fhéidir gur mhaith leat moltóirí a roghnú a bheidh in ann faisnéis den sórt sin a sholáthar ó dhearcaí éagsúla nó i gcomhthéacsanna éagsúla oibre. Bí cinnte le do thoil nach ndéanfaimid teagmháil le moltóirí ach go díreach roimh choinne a thairiscint duit, má thagann tú faoi bhreithniú le haghaidh ceapacháin.

D'fhéadfaimis cruthúnas ar cháilíochtaí a iarraidh freisin mar atá liostaithe sna critéir riachtanacha don ról.

Eolas tábhachtach eile

Ní bheidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí freagrach as aon chostais a thabhoídís iarrthóirí a aisíoc.

Ní ghlacfar leis go gciallaíonn iontráil duine chuig comórtas, nó cuireadh chun freastal ar agallamh, go bhfuil Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí sásta go gcomhlíonann an duine sin ceanglais an chomórtais nó nach bhfuil sé dícháilithe de réir an dlí ón bpost a shealbhú agus nach bhfuil ráthaíocht ann go ndéanfar breithniú breise ar d'iarratas. Mar sin, tá sé tábhachtach duit a thabhairt faoi deara go bhfuil an dualgas ort a chinntiú go gcomhlíonann tú na ceanglais incháilitheachta don chomórtas roimh duit freastal ar agallamh.

Sula gceapfar iarrthóir mar fhostaí, déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí gach fiosrúchán den sórt sin a mheastar a bheith riachtanach chun oiriúnacht an iarrthóra sin a chinneadh. Go dtí go mbeidh gach céim den phróiseas earcaíochta lena n-áirítear imréiteach slándála curtha i gcrích go hiomlán ní féidir cinneadh deiridh a dhéanamh agus ní féidir a mheas nó a thabhairt go ndéanfar cinneadh dá leithéid.

Má dhiúltaíonn an té a mholtar don cheapachán, nó má ghlactar leis, é a scar nó má thagann folúntas breise chun cinn féadfaidh an Bord, dá rogha féin, duine eile a roghnú agus a mholadh lena cheapadh ar thorthaí an phróisis roghnúcháin seo.

Ceartha Iarrthóirí - Nósanna Imeachta Athbhreithnithe maidir leis an Phróiseas Roghnúcháin

Déanfaidh Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí iarratais ar athbhreithniú a mheas de réir fhorálacha na gcód cleachtas arna fhoilsiú ag an CPSA. Tá na Cóid Chleachtas ar fáil [anseo](#) agus tá tuilleadh eolais ar fáil ar shuíomh gréasáin [Choimisiún um Cheapacháin Seirbhíse Poiblí](http://www.cpsa.ie/) <http://www.cpsa.ie/>

Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC in Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

Nuair a bhíonn iarrthóir míshásta le gníomh nó cinneadh maidir le hiarratas, is féidir leis/léi athbhreithniú neamhfhoirmiúil nó foirmiúil a lorg faoi Alt 7 den chód cleachtais :-

- Ní mór don iarrthóir aghaidh a thabhairt ar a n-ímní maidir leis an bpróiseas i scríbhinn, ag cur síos go soiléir ar na cúiseanna a gcreideann siad go raibh an próiseas roghnúcháin éagórach ina gcás. Ní mór é seo a sheoladh chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, laistigh de 5 lá oibre tar éis fógra a thabhairt faoin gcinneadh roghnúcháin. Is iondúil go gcríochnóidh ball den Fhoireann AD-OD an t-athbhreithniú neamhfhoirmiúil.
- Ní mór gearán nó iarratas ar athbhreithniú foirmiúil a dhéanamh laistigh de 5 lá oibre ó fhógra an chinnidh tosaigh nó laistigh de 5 lá oibre ó thoradh na céime athbhreithnithe neamhfhoirmiúla, má bhaintear leas as. Ní mór é seo a sheoladh chuig an gCeann Earcaíochta, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí. Beidh an t-athbhreithniú foirmiúil curtha i gcrích ag duine atá neamhspleách ar an bpróiseas roghnúcháin.

Sa chás go gcreideann iarrthóir go sáraítear gné den phróiseas cód cleachtais an CPSA, féadfaidh an CPSA fiosrú a dhéanamh air faoi Alt 8 den chód.

Oibleagáidí na n-Iarrthóirí

Ba chóir d’iarrthóirí a thabhairt faoi deara go ndícháileofar iad má dhéantar canbhásáil agus go n-eisiafar iad ón bpróiseas dá bharr.

Ní ceadmhach d’iarrthóirí:

- faisnéis bhréagach a chur ar fáil go feasach nó go místuama
- aon duine a chanbhásáil trí mhealltaí a thabhairt nó gan mealltaí a thabhairt
- cur isteach ar an bpróiseas nó cur as dó ar bhealach ar bith.

Ní ceadmhach do thríú páirtí iarrthóir a phearsanú ag aon chéim den phróiseas. Beidh gach duine a sháraíonn na forálacha thuas nó a chuidíonn le duine eile na forálacha thuas a shárú ciontach i gcion. Dlitear fíneáil/nó príosúnacht a chur ar dhuine a fhaightear ciontach i gcion.

Ina theannta sin, sa chás go raibh nó go bhfuil duine a fuarthas ciontach i gcion ina iarrthóir i bpróiseas earcaíochta:

- i gcás nach bhfuil sé/sí ceaptha do phost, dícháileofar é/i mar iarrthóir; agus
- i gcás ina mbeidh sé/sí ceaptha ina dhiaidh sin chuig an bpróiseas earcaíochta atá i gceist, forghéillfidh sé/sí an ceapachán sin.

Iarrthóireacht a Mheas le Bheith Tarraingthe Siar

Maidir le hiarrthóirí nach bhfreastalaíonn ar agallaimh nó ar thástálacha eile ag am agus ag ait arna n-iarraidh ag Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, nó nach gcuireann a leithéid d’fhianaise ar fáil, nuair a iarrtar orthu sin a dhéanamh, agus a theastaíonn ón Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí maidir le hábhar ar bith atá ábhartha dá n-iarrthóireacht, ní bheidh aon éileamh eile ar bhreithniú acu.

Aiseolas

Cuirfear aiseolas ar fáil ar iarratas scríofa.

Na hAchtanna um Chosaint Sonraí

Nuair a fhaightear do CV agus d’fhoirm iarratais, cruthaímid taifead i d’ainm, ina bhfuil cuid mhaith den fhaisnéis phearsanta a chuir tú ar fáil. Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d’iarrthóireacht a phróiseáil. Tá faisnéis dá leithéid faoi réir na gceart agus na n-oibleagáidí atá leagtha amach sna hAchtanna um Chosaint Sonraí. Chun iarratas a dhéanamh faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, cuir d’iarratas i scríbhinn chuig: **An Comhordaitheoir um Chosaint Sonraí, Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí, Bóthar na hOtharlainne, Baile Átha Cliath 7**, ag cinntiú go ndéanann tú cur síos chomh mion agus is féidir ar na taifid a lorgaíonn tú le cur ar ár gcumas an taifead ábhartha a aithint.

Aguisín 1: CÁILITHEACHT CHUN DUL IN IOMAÍOCHT AGUS SRIANTA ÁIRITHE AR CHÁILITHEACHT

Riachtanais Saoránachta

Ní mór ná go mbeidh na nithe a leanas i gceist maidir le hiarrthóirí incháilithe:

- (a) Is saoránach é/í den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE). Tá an LEE comhdhéanta de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, an Íoslainn, Lichtinstéin agus an Iorua; nó
- (b) Is saoránach é/í den Ríocht Aontaithe (RA); nó
- (c) Is saoránach na hEilvéise é/í de bhun an chomhaontaithe idir an AE agus an Eilvéis maidir le saorghluaiseacht daoine; nó
- (d) Saoránach neamh-LEE a bhfuil víosa stampa 4 aige/aici²; nó
- (e) Is duine é/í dá ndámhadh cosaint idirnáisiúnta faoin Acht um Chosaint Idirnáisiúnta, 2015, nó is ball teaghlaigh ar bith é/í atá i dteideal fanacht sa Stát mar thoradh ar athaontú teaghlaigh agus tá víosa stampa 4 aige/aici; nó
- (f) Is saoránach neamh-LEE é/í atá ina thuismitheoir/tuismitheoir linbh chleithiúnaigh ar saoránach é/í de bhallstát LEE nó an RA nó na hEilvéise, agus tá sé/sí ina chónaí ansin, agus tá víosa stampa 4 aige/aici.

Chun a cháiliú ní mór d'iarrthóirí a bheith incháilithe faoin dáta ar a dtairgtear post ar bith.

Comhaontú Comhchoiteann Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí

Leis an litir ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe dar dáta an 28 Meitheamh 2012 chuig Oifigh Phearsanra, tugadh Comhaontú Comhchoiteann isteach, le héifeacht ón 1 Meitheamh 2012, ar thángthas air idir an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Coiste Seirbhísí Phoiblí Chomhdháil na gCeardchumann maidir le hÍocaíochtaí Iomarcaíochta ex-gratia le Seirbhísigh Phoiblí. Is coinníoll é den Chomhaontú Comhchoiteann nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an gcomhaontú cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir sa tSeirbhís Phoiblí ag comhlacht na Seirbhíse Phoiblí ar bith (de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011) le haghaidh thréimhse 2 bhliain ó fhoirceannadh na fostaíochta. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim sin agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

An Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER)

Is coinníoll é den Scéim Luathscoir Dhreasaithe (ISER) mar atá leagtha amach in Imlitir 12/09 ón Roinn Airgeadais nach bhfuil daoine ar scor cáilithe, faoin Scéim sin, iarratas a chur isteach ar phost eile san fhostaíocht chéanna nó san earnáil chéanna. Dá bhrí sin, ní féidir le daoine ar scor mar sin iarratas a chur isteach ar an bpost seo.

Ciorclán na Roinne Sláinte agus Leanaí (7/2010):

Le Ciorclán 7/2010 ón Roinn Sláinte agus Leanaí dar dáta an 1 Samhain 2010 tugadh Scéim Sprice um Luathscor Deonach (VER) agus Scéimeanna um Iomarcaíocht Dheonach (VRS) isteach. Is coinníoll é den Scéim VER nach mbeidh daoine a bhaineann leas as an scéim cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir san earnáil sláinte poiblí nó sa tSeirbhís Phoiblí níos leithne nó i gcomhlacht atá maoinithe ina iomláine nó i

² Tabhair faoi deara le do thoil go bhfuil víosa 50 TEU (Cuirtear é in ionad Stampa 4 EU FAM tar éis Breatimeacht) coibhéis oiriúnach mar Stampa 4.

bpáirt le hairgead poiblí. Tá an toirmeasc céanna maidir le fostaíocht an athuir infheidhme faoi VRS, ach amháin go maireann tréimhse an toirmisc 7 mbliana. Ní bheith daoine ar bhain leas as scéim VER, cáilithe chun dul in iomaíocht sa chomórtas seo. Beidh ar dhaoine a bhain leas as an scéim VER agus a d'fhéadfadh a bheith rathúil sa chomórtas seo a gcáilitheacht a chruthú (tréimhse na neamh-incháilitheachta as feidhm).

An Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil (Ciorclán LG(P) 06/2013)

Le Ciorclán LG(P) 06/2013 ón Roinn Comhshaoil, Pobail & Rialtais Áitiúil tugadh Scéim um Iomarcaíocht Dheonach isteach le haghaidh Údaráis Áitiúla. I gcomhréir le téarmaí an *Chomhaontaithe Chomhchoitinn: Íocaíochtaí Iomarcaíochta le Seirbhísigh Phoiblí* dár dáta an 28 Meitheamh 2012 mar atá sonraithe thuas, is coinníoll saineúil é den Scéim VER nach mbeidh daoine cáilithe le haghaidh fostaíochta an athuir i gcomhlacht na Seirbhíse Poiblí ar bith [de réir mar atá sainmhínithe ag na hAchtanna um Bearta Airgeadais Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail 2009 - 2011 agus ag an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012] le haghaidh thréimhse 2 bhliain tar éis dháta a n-imeachta faoin Scéim sin. Tá na coinníollacha sin infheidhme freisin i gcás rannpháirtíochta/fostaíochta ar bhonn conradh seirbhíse (mar chonraitheoir nó mar fhostaí conraitheora).

Dearbhú:

Éileofar ar iarratasóirí chun a dhearbhu cé acu ar bhain nó nár bhain leas as scéim na Seirbhíse Poiblí de luathscor dreasaithe. Éileofar ar iarratasóirí freisin chun aon teidlíochtaí a dhearbhu maidir le sochar pinsin na Seirbhíse Poiblí (mar íocaíocht nó caomhnaithe) as fostaíocht eile ar bith sa tSeirbhís Phoiblí nó nuair a fuair siad íocaíocht in ionad maidir le seirbhís i bhfostaíocht ar bith sa tSeirbhís Phoiblí.

Aguisín 2: Inniúlachtaí

Beidh an t-eolas, an taithí, an scil, an ghnóthachtáil nó an inniúlacht ábhartha ag an iarrthóir rathúil a léiríonn go soiléir a n-oiriúnacht chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC in Oifig an Stiúirthóra Ionchúiseamh Poiblí.

Ceannaireacht Foirne

- Oibrítear leis an bhfoireann chun ardleibhéal feidhmíochta a éascú, déantar cuspóirí soiléire agus réaláiocha a fhorbairt agus tugtar aghaidh ar shaincheisteanna feidhmíochta má thagann siad chun cinn;
- Tugtar faisnéis agus comhairle shoiléir maidir leis na rudaí a éilítear ar an fhoireann
- Déantar tréaniarracht bealaí nua inar féidir oibriú go héifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm chun cuspóirí a bhaint amach
- Ceannaireacht a thabhairt don fhoireann trí dhea-shampla, agus cothú a thabhairt do dhaoine aonair de réir mar is gá
- Cuirtear an-tábhacht ar fhorbairt foirne, oiliúint agus scileanna agus cumais na foirne a uasmhéadú.
- Tá siad solúbtha agus sásta dul in oiriúint, agus cuirtear go dearfach le cur i bhfeidhm an athraithe

Breithiúnas, Anailís & Cinnteoireacht

- Bailítear agus déantar anailís ar fhaisnéis ó fhoinsí ábhartha, cibé acu faisnéis airgeadais, uimhriúil nó eile, agus cuirtear réimse tosca criticiúla san áireamh
- Cuireann sé/sí aon saincheisteanna, cláir oibre, íogaireachtaí agus impleachtaí gaolmhara níos leithne san áireamh agus cinntí á ndéanamh
- Úsáideann siad an saineolas agus taithí roimhe seo chun cinntí a threorú
- Déantar breithiúnas chun cinntí fóna a dhéanamh le réasúnaíocht dea-réasúnaithe agus seastar leo siúd;
- Moltar réitigh ar fhadhbanna.

Bainistiú agus Seachadadh Torthaí

- Glacann siad an fhreagracht agus tá siad freagrach as cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Bainistíonn siad réimse tionscadail éagsúla agus gníomhaíochtaí oibre ag an am céanna
- A gcuid oibre agus obair dhaoine eile a leagadh amach agus a reáchtáil go héifeachtach
- Tá siad loighciúil agus pragmatach ina gcur chuige, agus iad ag cur na torthaí is fearr leis na hacmhainní atá ar fáil a chur i bhfeidhm
- Obair a chomhroinnt go héifeachtach, ag cur faisnéis shoiléir ar fáil faoi cibé rud atá de dhíth
- Sainnithníonn go réamhghníomhach réimsí le feabhsú agus forbraíonn siad moltaí praiticiúla lena gcur i bhfeidhm
- Díograis a léiriú i leith forbairtí nua/cleachtais athraitheacha oibre agus déantar tréaniarracht na hathruithe sin a chur i bhfeidhm go héifeachtach
- Córais/próisis chuí a chur i bhfeidhm a fhad is gur féidir cáilíocht gach gníomhaíocht agus aschur a sheiceáil
- Cleachtann agus cothaíonn siad fócas láidir ar sheirbhís ardchaighdeán do chustaiméirí a sheachadadh, do chustaiméirí inmheánacha agus seachtracha

Scileanna Idirphearsanta & Cumarsáide

- Tógtar agus cothabháiltear teagmháil le comhghleacaithe agus páirtithe leasmhara eile chun cabhrú leis an ról a chomhlíonadh
- Táthar ina nasc éifeachtach idir baill foirne agus an bhainistíocht shinsearach
- Spreagtar comhráite oscailte agus fiúntacha maidir le cúrsaí oibre
- Tuairtar creideamh, agus faightear tacaíocht tríd an fhaisnéis ábhartha a leagan amach agus na buntáistí a chur i láthair.
- Caitear le daoine eile le stuaim, tuiscint, cúirtéis agus meas, fiú le linn tosca dúshlánacha
- Cuirtear faisnéis i láthair go soiléir, go gonta agus go muiníneach sa chaint agus sa scríbhneoireacht
- Comhoibrítear le comhghleacaithe agus tacaítear leo chun spriocanna na heagraíochta a bhaint amach

Saineolas, Oilteacht agus Féinforbairt

- Tuiscint shoiléir a bheith aige/aici ar ról, ar chuspóirí agus ar spriocanna an duine féin agus na foirne agus an chaoi a n-oireann siad d'obair an aonaid agus na Roinne/Eagraíochta agus cuireann siad é seo in iúl go héifeachtach do dhaoine eile
- Tá ardleibhéil saineolais agus eolas leathan aige/aici ón Earnáil Phoiblí a bhaineann lena réimse oibre
- Díritear ar fhéinforbairt, agus déantar tréan iarracht an fheidhmíocht a fheabhsú

Spreagadh & Tiomantas d'Oifig an Stiúrthóra Ionchúiseamh Poiblí

- Déantar tréaniarracht feidhmiú ag ardleibhéal, agus caitear méid suntasach fuinnimh chun cuspóirí comhaontaithe a bhaint amach
- Léirítear an athléimneacht in aghaidh tosca dúshlánacha agus éilimh arda
- Tá sé nó sí iontaofa go pearsanta agus is féidir brath air nó uirthi
- Cinntítear go mbíonn na custaiméirí ag croílár gach seirbhís a chuirtear ar fáil
- Coinnítear ardchaighdeán macántachta, eitice agus ionracais

Aguisín 3: Teastais Tionscail Ábhartha

Deimhniúcháin tionscail a mheastar a bheith ábhartha agus oiriúnach d'iarrthóirí ar an gcomórtas d'Ardoifigeach Feidhmiúcháin Bainistíocht Sonraí agus Cásanna (Forbairt Bogearraí) – TFC, ach níl sé teoranta dóibh seo a leanas:

- Python, C#, C++, HTML, CSS, JavaScript, Java, .NET languages, COBOL agus AQL
- Bainistíocht Tionscadail – m.sh. Prionsa agus PMI, bonnleibhéal nó os a chionn
- Dámhachtainí a bhaineann go sonrach leis an fearann cosúil le Dámhachtain Sainchuspóra san Anailís Ghnó ag leibhéal 8 ar an gCreat Náisiúnta Cáilíochtaí;
Deimhniúcháin bunaithe ar dhíoltóir ar leibhéal idirmheánach nó os a chionn (ar cheart iad a bheith bainte amach le 5 bliana anuas):
 - a. Córais Oibriúcháin (córais oibriúcháin Microsoft Windows, Linux, deasc agus móibíleach san áireamh);
 - b. Amazon Web Services (AWS), Google, IBM agus Microsoft Azure cloud technologies, Virtulisation (VMWare, HyperV., etc.), Docker Containers.
 - c. Microsoft (e.g. MTA, MCP, Microsoft 365 Certified, Microsoft Azure) IAM, DBA, Security, Data Centre, Cisco (CCNA/ CCDA or higher), HPE agus Aruba, Juniper, Brocade, Linux, Check Point, Citrix, Palo Alto, Fortinet etc.
 - d. Creataí agus deimhnithe bonneagair a aithnítear ag an earnáil ar nós CompTIA agus CITA.
- Creataí, modheolaíochtaí agus deimhnithe eile atá aitheanta ag an earnáil amhail: Angular JS, the Electron Framework, ISTQB, CSDP, ITIL, COBIT, Isaqb togaf, Lean Six Sigma, Agile, DevOps, CITA, IASA, CISSP, etc.

Tabhair Faoi Deara:

Ní chuirfear freastal ar chúrsaí san áireamh mar cháilíochtaí bailí gan scrúdú measúnaithe cuí a bheith déanta agus cáilíocht dheimhnithe a bheith bainte amach.

Is ortsa atá an fhreagracht sonraí a sholáthar faoin leibhéal deimhniúcháin atá bainte amach agat agus a léiriú conas a thagann siad seo leis na riachtanais atá leagtha amach anseo, i.e. an ceanglas maidir le leibhéal idirmheánach, nó níos airde, deimhniúcháin agus go háirithe, sonraí an chomhlachta measúnaithe aitheanta a eisíonn an deimhniú/ cáilíocht.